Truagh liomsa, a chompáin, do chor

[Cuthbert McGrath, O.F.M., ‘Three poems by Bonabheantúra Ó hEódhasa, O.F.M.’, *Éigse* 4, 175-96]

Bonabheantúra (alias, Giolla Brighde) Ó hEódhasa cct.

1 Truagh liomsa, a chompáin, do chor;
truagh an modh ar a bhfuil sibh:
ní léir dhoit solas fán ghréin,
an dorchachd féin ní léir dhit.

2 Ar eiriceachd do thréig tú
Dia na ndúl is creideamh Dé;
méd an uilcsi tárla dhaoibh
- móide a [r] maoith - ní thuige féin.

3 Dá bhfaictheá, mar dho chíd cách,
an tsoillsi atá d’easbhuidh ort,
bhur ndorchacht do ba léir libh,
do thuigfeadh sibh féin bhur gcor.

4 Do thuigse, gér ghrianach glan,
do dalladh í dá toil féin;
truagh nách tárla ribhsi, ó thús,
liaigh dho fhóirfeadh thú ód phéin.

5 Dot fhurtacht do rachainn féin
acht go gcluin mé - meisdi ar ndóigh -
othar neimhneach ribh dá rádh,
nách léig lámh leagha dá chóir.

6 Ad ghoire, ó nách féaduim dol,
cuirsi chugain, ar son Dé
’s ar cháirdeas na sinsear róinn,
cúis th’easláinte dod dhóigh féin.

7 An dall atá an tuigsi riamh?
nó an í an toil lé mian an chuirp
do chuir an ceósa ar dho chéill,
soilse an chreidimh nách léit dhuit?

8 Más í an tuigsi, más í an toil,
is ciontach read chor tar céill,
bíodh ormsa an tuigsi dho chosg,
’s bíodh cosg na toile ort féin.

9 Más í an tuigsi is ciontach ruibh,
ag so dhuit a leigheas súd:

creid ón Eaglais briathra Dé
ós dí nochtas féin a rún.

10 Dise thrá nochtas a rún -
Eóin dá dhearbhadh dhúin is Pól;
Sbiorad Dé ré a hais do ghnáth,
ní bhí a r mearfall - gá dám dhó.

11 An Pápa ’s a ngabhann leis -
is í an Eaglas, a-deir mé;
ní fhoil eaglas oile acht so
againn a-bhus ar bioth cé.

12 Do gheall Dia, dá dhearbhadh sin
- iomdha sgr[i]optúir ribh dá rádh -
Eaglas shoifhaicsiona C*h*ríosd,
nách cuirfithí síos go bráth.

13 Don Eaglais Rómhántha a-mháin,
do coimhleadh so - dáil go bhfios:
atá anuas ó aimsir Chríosd
gan chlaochlódh, gan díoth, gan sg*ri*os.

14 Gach eiriceacht táinig riamh
mall do t*hri*all nó is gearr do mhair;
mar sin, nách eaglas do Chríosd
énchuid díobh - ná labhrad Air.

15 Ná h-abradh t*hrá* Cailbhín claon,
nó Lúitér nar chlaon ó bhréig,
nó gibé drong leanas díobh,
g*ur* ab d’eaglais Chríosd iad féin.

16 Gibé h-eaglas leanas siad,
ní tháinig riamh rompa féin;
más í sin an eaglas fhíor,
cionnas shaorfaid C*rí*osd ar bhréig?

17 Do réir a n-admhála féin,
cúig céd bliadhain tar éis C*hrí*osd,
an Eaglas Rómhántha cháidh,
bá h-í a-mháin an eaglas fhíor.

18 Ionann dí an uair sin ’s a-nos:
iodhbairt, sacramainte, modh ’s bés,
creideamh, teagasg, cumhacht, brígh -
nír aithrigh sí a sdaid do ghrés.

19 Fán n-am soin dho bhádar ann,

aithre naomhtha, clann do Dhia;
gach a b*h*foil againn a-nois,
is iad soin dho theagaisg siad.

20 Fán n-am soin tháinig ón Róimh
Pádruig naom*h*tha rér chóir súil;
gach a b*h*foil againn a-nois,
is iad soin do theagaisg dhúin.

21 An creideamh dho theagaisg dhúin
Pádruig búidh, deisgiobal Dé,
má dho thréigseam, fionnam uaibh
cia h-í an uair dho thréigseam é.

22 Sighne seineagailsi Dé
ar ar n-eaglais léir dho chách:
atá ar lorg na n-easbal saor,
aondha, coitcheann, naomh do ghnáth.

23 Ar lorg na n-easbal atá;
ní beag ámh dá dhearbhadh so
a ndénadh céideaglas C*h*ríosd
gach ní dhíobh do-níse anos.

24 Atáid easbuig innte fós
- dearbhadh oile is lór air súd -
ar lorg a chéile do ghnáth
ó ló Pheadair gus an lá a-niú.

25 Atá ar n-eaglas aondha leis:
aonchorp cumaisg gan cheilt inn;
aoncheann ar an gcorpsa atá;
na boill thrá do réir an chinn.

26 Coitcheann acht gidh geanmnuidh í:
gabhuidh sí gach neach lén toil;
atá in gach aimsir ann riamh;
do bhí in gach tír thiar is toir.

27 Naomhtha fós ar n-eaglas shaor:
beatha a naomh, a teagaisg dhúin,
iomad a míorbhal ’s a fádh -
lór, do chách, dá dhearbhadh súd.

28 Na sighnisi - maith a gciall -
gár n-eagluisne riamh atáid;
sighne codarsna, is olc bríogh,
gár n-easgcáirdibh bhíos ’na n-áit.

29 Iomdha dearbhtha nach iad sei[n]
- mun bhudh fhada bheith gá ríomh -
dhearbhas gurab í so amhá[in]
an eaglas cháidh dho thogh Críosd.

30 Marsin gurab creidthe dhuit
gach ní ruibh dá n-abrann súd;
creidthe uaithe briathra Dé
ós dí nochdas féin a rún.

31 Lúitér, Cailbhín, taoibh ré taoibh,
san mhéid ghabhas dá dtaoibh súd
mó is inchreidthe eaglas Dé
ós dí nochdas féin a rún.

32 Mairg chr*eid*eas Lúitér na n-olc:
olc a choingheall, olc a chiall,
olca na teagaisg tug uaidh,
’s is olc ana t-oide ó bhfuair iad.

33 Do rinne bhréig ré Dia mór;
mairg do chreidfeadh dhó dá éis,
brég ré daoinibh, amhlaidh sin,
cosmhail, ris, go ndiongnadh sé.

34 Bochtacht, óghdhacht, umhlacht réidh,
do Dhia féin do gheall san iad;
do briseadh leis - beag dhá ulc -
na trí móide tug do Dhia.

35 Tug bochtacht ar shaidhbhreas mbocht;
do thréig umhla ar a thoil féin;
cailleach dhubh aige ’na mnaoi,
’na mhanach gé dho bhí sé.

36 Oide foghlama fuair sein -
an diabhal, mar a-deir féin;
gibé mar sin chreideas dó,
don diabhal fós chreideas sé.

37 Mairg do chr*eid*feadh Cailbhín fós,
plannda oile a pór na loch[d];
oide Lúitéir, Lúitér féin -
do sháraigh sí iad ar olc.

38 Ughdar gach uilc, do-ní so
do Dhia ghlórmhar - olc an chiall;
ionann dósan *agus* soin
a rádh [n]ach foil Dia ’na dhia.

39 Gur pheacaigh Críosd, aonmhac Dé,
a-deir sé - ní fearr an chiall;
ionann dósan *agus* soin
a rádh nach foil Dia ’na dhia.

40 Atá ar buile - táir a chiall! -
nó ní h-ionann dia atá róinn:
dia oile, cosmhail ris féin,
is eadh adhras sé dar ndóigh.

41 Ar an ndia, dá n-adhrann féin,
olc labhras - gibé is dia dhó;
an Dia fíre adhras cách
ní creidthe thrá, air, a ghlór.

42 Ní abraim go ndearna soin
adhalt*ra*nnas is goid go lór;
achd ghibé dho-ghénadh iad
measaim nár chreidthe ar Dhia a ghlór.

43 Na coirthe fá deara ar tós
Sodoma do dhódh go lár,
ní shaorfainn nách dearna riamh
’s nach dénadh fós iad do ghnáth.

44 Fiafraigh dá shlinnénnuibh féin,
fiafraigh dá bhuachaill s*h*éimh s*h*lim
’s do Bhésa, dá dhalta dil;
a n-abruid sin, creidfidh sinn.

45 Ar áirmheamar sonn anois,
sa gcéd urdail ré a gcois súd,
meastha ar an ndís do níodh iad
nach dóibh dho nochtfadh Dia a rún.

46 Meastha fós nách bíodh ré a n-ais
an Sbiorad naomh, an fhlaith fhíor,
dá gcoimhéd mar eaglais nDé
ar sheachrán ’s ar bhréig, do shíor.

47 Ní chreidfeadh acht duine leamh
don dís sin is dá lean iad:
míle brég i n-aghaidh Dé
’s ’na n-aghaidh féin do níodh siad.

48 Ní creidthe dhaoibhsi, is é a chríoch,
rúindiamhra an ríogh uatha súd:
creidthe ón Eaglais briathra Dé

ós dí nochtas féin a rún.

49 Atáid briathra Dé ar dhá mhodh
- creidthe ón Eaglais gach modh díobh:
cuid dhíobh san sgrioptúir atá,
cuid ar cuimhne ag cách do shíor.

50 An sgrioptúir, gidh líonmhar dhó,
a chreideamh narab lór leat:
iomdha neithe a-dobhairt Críosd
nár cuireadh ann síos fá seach.

51 A theagaisg mhionca gach laoi,
a ndearna in gach taobh ’nar ghabh -
cia an sgrioptúir, mar a-deir Eóin,
’na dtuillfeadh, fa dheoigh, a leath.

52 An mhéidsin nár sgríobhadh dhíobh
(briathra Críosd, airdríogh na ndúl)
gnáthchuimhne ar sean diaigh a ndiaigh
c*h*oimheadas, gan chiaigh, iad dúnn.

53 Gan sgríbhne mar sin do ghnáth
dho thoirbhir cách briathra D[é],
ó Ádhamh go Maoisi a-nuas,
gach drong nua don droing dá h-éis.

54 Do bhí fós an Tiomna Nua,
sealad anuas tar éis Chríosd,
gan sgríbhne, ar cuimhne, do ghnáth
’s dá creideamh ag cách do shíor.

55 Gibé adeir nách cr*eid*eann sé
acht don sgrioptúir féin amháin,
fiafruighim dhe an gcreidthear leis
más é an sgrioptúir sein ’na láimh.

56 Dá n-abradh nách creideann féin
sgrioptúir Dé gur ab é sein,
fiafruighim deisean arís
cré*d* fá gcreideann an ní a-deir.

57 Dá n-abradh go gcreid - gá dú -
gur ab é súd sgrioptúir Dé,
an treas feacht, fiafruighim dhe
nar légh sein san sgrioptúir féin.

58 An bhfacaidh san sgrioptúir riamh
- nó má dho chonnairc, cia an ball -

soisgél Lúcáis do bheith fíor,
soisgél Tomáis gan bh*rí*ogh ann.

59 Bheith d’óghMhuire riamh ’na h-óigh,
baisdeadh leanb*h* gur chóir dho ghrés,
bheith ar an ndomhnach don Cháisg -
san sgrioptúir, fós, cáit ’nar légh.

60 Gibé le gcreidthear iad so,
creidthe dhó - nó atá gan chéill -
nách lór an sgrioptúir a-mháin
gan chuimhne ngnáith bhréith*re* Dé.

61 Cia an sgrioptúir is creidthi thrá,
cia an g*h*náthchuimhni a-tá fíor -
a gciall araon, muin ar mhuin,
creidthi ón Eaglais gach cuid díobh.

62 Más í an tuigsi bhuaidhreas tú,
ag so a leighios - gá dú dhó -
muna fhog*h*na a n-abraim dhí,
do-ghéabha arís ní sa mhó.

63 Más í an toil is ciontach ribh,
slán libh, ní bheanabhsa dhí;
a leigheas ní ghébh re h-ais,
aithnidh damhsa go maith í.

64 An toil, dar ab seisi an corp,
buain uimpe ní bog an céim:
péis doicheannsa iná soin
nír dhealbh Dia, ní fhoil fan ghréin.

65 Ar fhuláireamh Ríogh na nDúl,
sruth Iordáin ar gcúl do th[ri]all,
a grinneall do nocht an mhuiir,
dá gluasacht do sguir an ghrian.

66 An pobal dár choisg mar súd
gluasacht nádúrtha dhúl mbalbh,
ainmhiana a dtoile do chosg
ní fhuairsean uatha a los arm.

67 Iomad míorbhal, iomad plágh,
bagar gnáth báis *agus* pian -
cosg a[i]nmhian Fhoruinn, an ríogh,
ní thá[i]nig díobh, nír fhéd siad.

68 Tionól Ifrinn an c*hra*ois duibh,

teaghlach nimhe, a bhfuil fán sbéir -
ní bhérdaois uile a los gleóidh
buaidh na toile, acht dá deóin féin.

69 Each fiadhtha ó nách fáght*har* fos,
a los eagla ná a los gráidh,
ní leig acht dá marcach féin
gidh glacadh a sréin amháin.

70 Meince a chách do t*ras*gradh lé,
a marcach féin gidh é ann;
Solamh, Sámsón, Dáibhíoth naomh,
aithnidh dhóibh a taom nách fann.

71 Sámsón acht gér chalma a neart,
Solamh, gér ghaoth ceart a chiall,
gér naomhtha Dáibhíoth go ngaois -
ainmhiana a dtoil do chlaoi iad.

72 Leigheas na toile do láimh
ní ghébhsa thrá - ní náir dhúinn;
ag so síos duitsi, ghidheadh,
teagasg beag ’na h-aghaidh súd.

73 Do chéidneithibh sgrúd go g*r*ian
an chúis fár c*h*ruthaigh Dia an tail:
ionnas go dtugadh, do ghnáth,
fuath don ulc is g*rá*dh don mhaith.

74 Maithe an domhuin, leath ar leath,
dá measthaoi linn fá seach iad,
maith fhíre, gan c*h*umasg n-uilc,
díobh uile, ní f*h*uil acht Dia.

75 Tearc aonmhaith aca dá bhfuil
gan a h-urduil uilc ré a h-ais;
a n-uilc uatha féin atáid:
ó Dhia amháin fuairsead a maith.

76 Mar sin g*ur* ab é Dia a-mháin
is aon chusbóir g*rá*idh don toil;
ní h-ionghráidh, acht ar son Dé,
aoinní oile fán ghréin ghloin.

77 Ar mhaith mbréige nách buan ré
trégadh Dé do ba díoth raith -
an mhaith gan fhoircheann gan chrích
an mhaith f*h*íre ó mbí gach maith.

78 Mairg do thréigfeadh Dia na ng*rá*s,
tobar lán s*h*ileas do shíor,
ar an saoghal, lag na bpian,
ar an gcuirr gc*ri*adh théid i ndíosg.

79 Solas an bheatha, mairg tug
ar phríosún ndubh, ar uaimh gceó;
an fhoraois aoibhnis do bfhearr
mairg dho thréig ar ghleann na ndeór.

80 Gleann na ndeór an saoghal bochd:
gan ann acht gol ná fáth guil;
príosún don tí thuigeas é:
uaimh dhorcha don té nách tuig.

81 Ní díol gráidh a bhfaghthar uadh:
díol ar fhuath an saoghal féin;
deoch neimhe a thiodhlaigthe thrá:
lomnán don bhás is d'fheirg Dhé.

82 Lán do bhochda a thoice mhór;
a aoibhneas fós lán do mhaoith;
an mhéid is milis dá ghrádh
ní bhí acht lán do dhom[b]las aoi.

83 Mairg charas a shaidhbhreas bocht:
beag a tharbha ag dol san n-uaigh;
a s*h*ealbh san tsaoghalso féin
mó dho p*h*éin don f*h*oirinn fuair.

84 Fríoth lé Solamh saidhbhreas mór;
aithnidh dhó nách mór a bhrígh;
díomhaoineas de ghoireas sé
'a crádh inntinne an té gá mbí.

85 Beag tháireas an bheach dá mil;
a bhfríoth libh ar feadh do ré
saothar a chruinnig*h*the ort,
a tharbha so ní leat féin.

86 Dá gcongmhae agat do mhaoin,
bhudh beag a tarbha daoibh féin:
a coimhéad ortsa do ghnáth,
a caitheamh ag cách tar h'éis.

87 Ar dho cháirdibh ar do chloinn
do bhiadh tarbha 'na roinn súd,
an phian shíor tuille ar a son
dá bhfédthá mar so a roinn riú.

88 Dá bhfédthá, mar nách féd tú,
an phian tsíorsa riú do roinn,
roinn di[si] ní ghébhadh siad -
mairg do thréigfeadh Dia ar an ndroing.

89 Díomhaoine na toice ad-chí
dá madh léir doit í ón toil
aoibhneas bréige an b*h*eatha cé
díomhaoine thrá é iná soin.

90 An t-aoibhneassa - gá dám dhó -
gearr mhaireas, ní mór a bhríogh:
an phian toilltear ar a shon
ma[i]rfidh so tré bhiotha síor. Truagh.